



*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2015*

***Teicneolaíocht Ábhar (Adhamad)  
Gnáthleibhéal  
Roinn B (60 marc)***


**Dé Luain, 15 Meitheamh  
Tráthnóna, 2:00 - 4:00**

**Treoracha**

- (a) Freagair trí cheist ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- (b) Freagair ceist 5A nó ceist 5B ach ná freagair an dá cheann.
- (c) Scríobh do scríduimhir ar do fhreagarleabhar agus ar gach bileog eile a úsáidtear.
- (d) Nuair is gá sceitsí, is féidir sceitsí saorláimhe a dhéanamh nó úsáid a bhaint as an ngrappháipéar a chuirtear ar fáil.
- (e) Ní mór Ceist 2 sa Roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líniúchta. Ba chóir gach freagra scriofa eile a thabhairt ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil.

- Taispeánann an léaráid cásáil adhmaid do mhéaróg chuimhne USB. Agus í in úsáid, rothláonn páirt A ar oscailt.

(i) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an lárphíosa, **A**, agus an chásáil sheachtrach, **B**, a shiúntú le go ligfí do **A** rothlú mar a luaitear thusa.



(ii) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí páirt **B** a dhéanamh chun spás a chur ar fáil do pháirt **A**.

- Ainmnigh agus sceitseáil uirlis **amháin** a úsáidtear chun na foircinn leathchiorclacha ar pháirt **B** a dheilbhiú sa tionscadal seo.


- Taispeánann na léaráidí líníochta phictiúrtha de sheastán bearrtha adhmaid. Tá poill sa seastán chun scuab bhearrtha agus rásúr a chrochadh. Tá an t-ábhar go léir **10mm** ar tiús. Déantar na píosaí a shiúntú le méaralt agus tá na méara ar chomhspásáil óna cheile mar a thaispeántar.

(i) Tarraing, ina lánmhéid, **Aghaidhchló** sa treo ina bhfuil an tsraighead **A**.

(ii) Teilg **Taobhchló** ón Aghaidhchló.

(iii) Cur isteach **ceithre** phríomhthoise.

*Taispeán go soiléir na toislínte, na cinn saighde, srl.*



**3.** Taispeánann an léaráid plainc adhmaid iad réidh le stálú.


- (i) Luaigh **trí** chuíse a bhfuil sé tábhachtach adhmad a thriomú sula n-úsáidtear é i ndéantús troscáin.
- (ii) Taispeántar píosaí beaga adhmaid a úsáidtear chun na plainc a choinneáil óna chéile le linn stálaithe. Ainmnigh na píosaí adhmaid seo agus mínígh cén fáth a n-úsáidtear iad.
- (iii) Is iad an dá phríomh-mhodh chun adhmad a thriomú ná stálú **nádúrtha/aeir** agus stálú **áithe**. Cuir **an dá mhodh** i gcomparáid lena chéile faoi na ceannteidil seo a leanas:
  - (a) Am
  - (b) Costas
  - (c) Cion taise.



**4.** Taispeánann an léaráid teach adhmaid do bheacha fiáine.



- (i) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas is féidir teach na mbeach a chrochadh ar bhalla gairdín.
- (ii) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, mol conas is féidir feabhas a chur ar dhearadh theach na mbeach chun go mbeidh sé ina ghné níos deise i ngairdín.
- (iii) Mol bailchríoch oiriúnach do theach na mbeach agus luaigh **dhá** chuíse le do rogha.



## 5. Freagair 5A nó 5B

- 5A. Taispeánann an ghrafaic peann adhmaid atá déanta as mahagaine a deileadh ar dheil.

- (i) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist in ullmhú an adhmaid sula suitear ar an deil é.
- (ii) Is gó an taobh istigh den pheann a tholladh chun an cartús dúigh a choinneáil.

Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist sa phróiseas seo.



- (iii) Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn deil á húsáid. Luaigh cúis le **gach** réamhchúram díobh.

### NÓ

- 5B. Taispeánann an ghrafaic clúdach adhmaid ar leabhar atá déanta as sraithadhmad. Baintear úsáid as veinírí chun an clúdach a mhaisiú.

- (i) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas is féidir na veinírí a mharcáil, a ghearradh agus a chur chun an dearadh seo a dhéanamh.
- (ii) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas is féidir cruth an adhmad sholadach a chur ar corra an chlúdaigh veinírithe.
- (iii) Is minic a úsáidtear veinírí i ndéantús troscáin. Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le veinírí a úsáid seachas adhmad soladach.

